Gnéithe Rochtana ag Leabharlann Ospidéal Stewart

Ag dul ann

Is féidir dul chuig an Leabharlann ag úsáid bus 18 ó Fhaiche Dhumhach Thrá chuig Baile Phámar trí Sheanbhóthar Leamhcáin. Tabhair faoi deara go bhfuil siúlóid fhada ó stad an bhus go dtí an leabharlann. Chun eolas a fháil ar bhealaí, amchláir agus táillí, tabhair cuairt ar láithreán gréasáin Bus Átha Cliath (www.dublinbus.ie).

Foireann

Tá taithí ag an bhfoireann maidir le míchumas intleachtúil. Tá fáilte ar leith roimh dhaoine a bhfuil míchumais intleachtúla/fisiciúla acu agus a gcúramóirí sa leabharlann.

An Foirgneamh

rochtain le rampa agus lámhráille chuig doras na leabharlainne

leithreas do chathaoir rothaí

deasca cúrsaíochta íseal

Ríomhairí

Dhá mhéarchlár ríomhaire le cnaipí móra le luchóg oiriúnaithe do gach pc

Stoc

ábhair ilchéadfacha e.g. Málaí Scéalta, Málaí Leabhar, leabhair chúise agus éifeachta

Leabhair le Cló Mór

Closleabhair

Ábhar speisialtóra ar Mhíchumas Intleachtúil

Láithreán Gréasáin na Leabharlanna

De bharr go bhfuil rochtain 24 uair an chloig againn, tig le custaiméirí clárú ar líne, catalóg na leabharlainne a chuardach, ábhar leabharlainne a chur in áirithe, a gcuntas a bhainistiú, eolas a fháil maidir le himeachtaí agus cláir sna leabharlanna ar fad agus rochtain a fháil ar réimse acmhainní tagartha ar líne. Tá Leabharlanna Contae Átha Cliath Theas tiomanta do chinntiú go bhfaigheann a láithreán gréasáin www.southdublinlibraries.ie caighdeán comhlíonta "Double-A" le Web Content Accessibility Guidelines (WCAG) 1.0 de chuid Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C).